

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2018**

An Triail Scríofa - 100 MARC

**Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhride, Baile Átha Cliath 1 ag tacú leis an iarratas atá déanta ag an gComhairle Pobail sa bhaile Halla Pobail nua a thógáil.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí spóirt, scríobh litir chuig bainisteoir comhlachta i do cheantar ag gabháil buíochais leis an gcomhlacht as 5,000 Euro a thabhairt chun cabhrú leis an scoil páirc uile-aimsire a leagan.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-
 - (a) Stand back, John and let Liam into the line.
 - (b) Children! Hang up your coats on the rail.
 - (c) Show me your copybook, Peadar.
 - (d) How many children are absent today?
 - (e) Fergal! Do not forget to wash your hands.
 - (f) Turn on the computer, Liam.
 - (g) Did you forget your copybook, Máire?
 - (h) Don't say that to anybody, Brendan.
 - (i) Nice work and a very good effort.
 - (j) Put on your coats, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Siobhán. I'm sorry for interrupting you.

Teacher: You are not interrupting me at all. We're finishing up here.

Principal: Can you come to my office after school?

Teacher: I can of course. Is everything alright?

Principal: There's nothing wrong at all. I just want to speak to you about Seachtain na Gaeilge.

Teacher: That's not far from us now.

Principal: I got a letter about it this morning from Conradh na Gaeilge. They have some good ideas.

Teacher: There are some good ideas on *Scoilnet* also.

Principal: I'll have a look at that now before our meeting.

Teacher: I'll see you so at a quarter to three.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH

Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Áine agus a Éanna! (Caith) _____ na liathróidí isteach sna boscaí anois.
2. A Ghráinne! Ná (téigh) _____ isteach sa seomra ranga go fóill.
3. Níor (dúisigh) _____ Muireann ar a seachta chlog inné.
4. Ní (féach: siad) _____ ar an teilihís gach lá.
5. Ar (tar: tú) _____ ar ais go Baile Átha Cliath aréir?
6. (Sábháil: sí) _____ airgead, dá ndéanfadh sí a ceapairí féin.
7. An (feic: tú) _____ Síle amárach?
8. Nach (abair: sé) _____ go raibh sé i nGaillimh inné?
9. (Ullmhaigh: sí) _____ an dinnéar gach lá.
10. Dá mbeadh fadhb ag na páistí leis an gceist, (mínigh: mé) _____ arís í.
11. (Scríobh: sinn) _____ na ríomhphoist amárach.
12. (Bailigh) _____ an-chuid airgid do na daoine gan dídean inné.
13. (Déan) _____ ceapairí úra sa mhonarcha sin gach oíche.
14. Deir Íde (cuimhníonn) _____ sí ar a máthair gach lá.
15. Dúirt na cailíní (ní fhaca) _____ siad an cluiche inné.
16. Dúirt Colm (rachaidh) _____ sé go Londain amárach.
17. Tá sé sin (clois) _____ agam cúpla uair.
18. Tá an cheolchoirm thart agus tá na ceoltóirí (imigh) _____ abhaile.
19. Dá (múch: sé) _____ a fhón póca, chaillfeadh sé glao tábhachtach.
20. Má fhaigheann sibh an bus, ní (bí) _____ oraibh siúl sa bháisteach.

An Chopail:

21. Ní (poitigéir) _____ é Gearóid.
22. Nach (iad) _____ Liam agus Críostóir na peileadóirí is fearr?
23. Ar (meicneoir) _____ é Máirtín?
24. Ba (í) _____ Deirdre an t-ainm a bhí ar an ngruagaire a bhog go Corcaigh.

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.]) _____ sin an-bhlasta!
26. Tá an (phictiúrlann [bain.]) _____ sin an-chompordach.
27. A Chaitlín, tá do bhainne (i: an cuisneoir) _____.
28. A pháistí! Cuirigí na cupáin (ar: na boird) _____.
29. Bígí cúramach ag dul trasna (an bóthar) _____.

30. Téann bus C.O.G.G. timpeall (an thír) _____.
31. Chan cór (na cailíní) _____ ag an ócáid aréir.
32. Cloisim ceol (na héin) _____ gach maidin.

An Aidiacht

33. Is é an t-earrach an séasúr (is: álainn) _____.
34. Tá Iarlaith (níos: spórtúil) _____ ná Fiach.

An Aidiacht Shealbhach

35. Beidh mé ag caint (le: bhur: athair) _____ amárach.
36. Bhual mé le Méabh (i: a: teach) _____.

An Forainm Réamhfhooclach

37. Tá an-suim aici (i: iad) _____.
38. Thosaigh na cailíní ag magadh (faoi: é) _____.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Antaine! Tá an trealamh don líthchleasaíocht thusas san áiléar. An rachaidh tú _____ chun é a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Beidh an cluiche haca ar siúl _____ sa Halla amárach.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 6: _____.
42. Tá cúpla (peann) _____ ar an mbord.
43. Mairfidh an cúrsa trí (seachtain) _____.
44. Tá beirt (cócaire) _____ ag obair sa bhialann sin.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar ‘tuig’.
_____.
46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar ‘roghnaigh’.
_____.
47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘téigh’.
_____.
48. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘cheannaigh siad’.
_____.
49. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘suífimid’.
_____.
50. I dtéarmaí gramadaí, mínígh ‘dúradh’.
_____.

(25 marc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT **Freagair Ceist 6 nó Ceist 7**

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Dialann Deoraí*, le Dónall Mac Amhlaigh, An Clóchomhar Teoranta, 1960, 22-24.

Nach gearr a bhíos duine ag dul i gcleachtadh ar áit!

Coicís agus an lá inniu a thosaigh mé ag obair san ospidéal den chéad uair ach, dá laghad achar é, tá mé ag dul chomh mór sin i dtáithí ar an obair agus ar na daoine is go bhfeictear dom go bhfuil mé ann le blianta. Fuair mé litir bħreá fhada ó mo mháthair ag insint na nuachta uilig dom, agus ba shin a chuir ag smaoineamh mé ar ché chomh sciobtha is a chuaigh mé i gcleachtadh ar an saol seo...

Bhí Neillí (cailín Shligigh) á rá liom tráthnóna gur gearranois go mbí sí ag dul ag pósadh agus go bhfuil fúthu dul go Ceanada, mar a bhfuil go leor de mhuintir a fir. Shílfeá gur bocht an saol ag cailín deas óg mar í bheith póstta amuigh in áit mar sin le fear coimhthíoch agus gan aon duine dá muintir féin i bhfoisceacht píosa mhóir di, b'fhéidir... Ar chuma ar bith tá síúil agam go n-éireoidh an t-ádh le Neillí cibé áit a rachaidh sí, mar is lách an cailín í. Rinne sí an-teanntás orm féin ó tháinig mé anseo, agus scaití bím ag ceapadh go mb'fhéidir nach mbeadh sé ró-dheacair í a bhaint de mo dhuine, dá gcuireadh duine cruth ceart air féin chuige sin. Ach mo léan, is fada fós go mbí mé i riocht tosú ag smaoineamh ar thada mar sin, agus b'fhéidir nach bhfeicfinn leithéid Neillí an uair úd.

Bhí mé réidh ar a cúig agus chuaigh mé ag scríobh litreacha tar éis an tae. Scríobh mé litir mhaith fhada chuig mo mháthair, ag insint di faoin saol anseo agus faoi luach éadaí is mar sin, rudaí a gcuireann sí spéis iontu; agus scríobh mé litir chuig sean-Fhínín, freisin. Ní chuirfidh mé an litir sin chun bealaigh go Déardaoin go mbí mé in ann luach dí a chur isteach léi.

Domhnach Cincíse. Ba é seo an lá deiridh dom ag obair san ospidéal agus bhí mo sháith cumha orm dá bharr sin. Más ea féin, ní fhéadfainn fanacht ag obair ann ar cheithre phunt coróin agus an cúnamh ag teastáil sa bhaile. Bhí uaigneas orm ag fágáil slán leis na hothair, agus ba mar a chéile dóibh sin, óir bhíodh muid ag baint an-cheart dá chéile... Chroch mé liom mo mhála síos go dtí an teach lóistín a mhol Stiofán Dáirb dom, agus go deimhin ba shuarach a bhreathnaigh sé tar éis glaine agus folláine an tseomra a bhí san ospidéal agam. Thairg cailleach an tí béis dom, ach nuair a thug mé faoi deara gur spam a bhí acu ag an tae dúirt mé léi nach raibh ocras orm.

Buntuiscint:

1. Cá fhad a bhí an t-údar ag obair san ospidéal nuair a fuair sé litir óna mháthair?
2. Cá mbeidh Neillí ina cónaí nuair a phósfaidh sí?
3. Cén fáth nár chuir an t-údar an litir a scríobh sé chuig sean-Fhínín sa phost láithreach?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fhianaise atá sa sliocht go bhfuil spéis rómánsach ag an údar i Neillí?
2. Cén fáth ar dhiúltaigh an t-údar béis a thógáil sa teach lóistín?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as ‘Fuil Dhearg an Cheoil’ le hÉamonn Ó Ruanaí, in Sin Scéal Eile: Gearrscéalta Nuascríofa, An Gúm, 2010, 21-22.

An chéad uair riamh a chonaic Ciarán Jimi Hendrix ar an teilifís shocraigh sé giotár a cheannach. Hendrix ina sheasamh ar an ardán ina chulaith bhán, bandána timpeall a chuid gruaige, a shúile dúnta agus a bhéal ar leathoscайл aige. É beag beann ar an slua os a chomhair amach, slua a bhí ag stánadh air ar nós páistí ocracha ag faire ar fhuinneog siopa milseán. A mhéara ag rince ar mhuineál an ghiotáir agus iad ag tarraingt ceol fíochmhar as mar a bheadh mála de chait fhiáine ann oíche ghealaí. Ní raibh aon dul as. Bhí giotár ó Chiarán. Láithreach!

Ní raibh ach an t-aon fhadhb amháin ann. A Mhamaí, ar ndóigh. Cé eile?

‘Giotár? Níl giotár ar bith ag teacht isteach sa teach seo! Bheimis bodhar agat! Cé mhéad a chosnódh sé? Cé a mhúinfeadh duit conas é a sheinm?’

Ach bhí freagra ag Ciarán ar gach ceist agus ghéill sí sa deireadh, mar ba ghnách. Ach bhí fadhb amháin eile fós aige – ní íocfadh sí as!

Bhí an t-ádh dearg leis. Bhí a chóineartú díreach thart agus bheadh a bhreithlá ann gan mhoill. Ar ndóigh, ní raibh a uncailí ná a aintíni róshásta é a fheiceáil chucu arís chomh luath seo ach ní raibh an dara rogha acu. Bíonn ar a leithéidí bronntanas a thabhairt dá nia ar a bhreithlá...

Nuair a bhí gach cent rua bailithe le chéile aige thug Ciarán aghaidh ar an siopa ceoil. Déagóir le gruaig fhada shleamhain...a bhí i bhfeighil na ngiotár. Bhí se ina shuí ar stól ard ag léamh *Rock Guitar Monthly* agus lean sé air ag léamh a fhad is a bhí Ciarán ag breathnú timpeall an tsiopa.

Nuair a dúirt Ciarán leis go raibh giotár cosúil le giotár Hendrix de dhíth air tháinig miongháire beag ar a bhéal. Shín sé méar fhada thanaí i dtreo cás gloine taobh thiar de. Stán Ciarán ar an ngiotár sa chás agus a bhéal ar oscailt aige. B'in é an giotár a bhí uайдh gan dabht ar domhan - an cruth, an dath, an loinnir – gach rud díreach i gceart. Ach ansin thug sé an praghas faoi deara agus thuig sé an miongháire. Bheadh fiche uncail agus daichead aintín de dhíth air chun giotár den chineál sin a cheannach!

Chonaic an déagóir an díomá ar aghaidh Chiaráin agus lig sé osna as. Bheadh air éirí den stól! Thug sé Ciarán siar isteach i gcúl an tsiopa, áit a raibh na giotáir shaora d'fhoghlaimeoíri. Thaispeáin sé ceann do Chiarán a bhí cosúil le giotár Hendrix agus d'inis sé dó gur ghiotár mar sin a bhí aige féin agus é ag foghlaim. Thaispeáin sé dó conas an giotár a chur i bhfearas agus mhúin sé corda 'C' dó. Sheol sé abhaile ansin é chun a bheith ag cleachtadh. Ach sular fhág Ciarán an siopa d'inis sé dó go mbíodh Hendrix ag cleachtadh ar feadh cúig huaire an chloig gach lá nó go dtí go dtosaíodh a mhéara ag cur fola!

Buntuisceint:

1. Conas a bhí Jimi Hendrix gléasta nuair a chonaic Ciarán é den chéad uair?
2. Cén fáth nach raibh máthair Chiaráin ag iarraidh cead a thabhairt dó giotár a cheannach?
3. Cá bhfuair Ciarán an t-airgead chun an giotár a cheannach?

Tuisceint liteartha:

1. Cén fáth nach raibh Ciarán sásta go huile agus go hiomlán sa siopa nuair a chonaic sé an chéad ghiotár?
2. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh feighlí an tsiopa in ann an giotár a sheinm?

(10 marc)